**CINNEADH (CBES) 2021/1066 ÓN gCOMHAIRLE**

**an 28 Meitheamh 2021**

**lena leasaítear Cinneadh 2013/354/CBES maidir le Misean Póilíneachta an Aontais Eorpaigh do na Críocha Palaistíneacha (EUPOL COPPS)**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 42(4) agus Airteagal 43(2) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 3 Iúil 2013, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2013/354/CBES ([1]), lenar leanadh ar aghaidh le EUPOL COPPS amhail ón 1 Iúil 2013.

(2) An 29 Meitheamh 2020, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2020/902 ([2]) lena leasaítear Cinneadh 2013/354/CBES agus lena gcuirtear síneadh leis ón 1 Iúil 2020 go dtí an 30 Meitheamh 2021.

(3) An 4 Márta 2021, i gcomhthéacs an athbhreithnithe straitéisigh ar EUPOL COPPS, d'aontaigh an Coiste Polaitiúil agus Slándála (PSC) gur cheart síneadh a chur le EUPOL COPPS go ceann tréimhse bhreise 24 mhí go dtí an 30 Meitheamh 2023.

(4) An 1 Meitheamh 2021, thug PSC dá aire freisin, agus faisnéis a chuir Iosrael agus Údarás na Palaistíne ar fáil á cur san áireamh, gur cheart, ag an gcéim seo, síneadh bliana a chur le EUPOL COPPS, go dtí an 30 Meitheamh 2022.

(5) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh 2013/354/CBES a leasú dá réir sin.

(6) Cuirfear EUPOL COPPS i gcrích i gcomhthéacs staid a bhféadfadh meath teacht uirthi agus a d'fhéadfadh bac a chur ar bhaint amach chuspóirí ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais mar a leagtar amach iad in Airteagal 21 den Chonradh,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Cinneadh 2013/354/CBES mar a leanas:

(1) in Airteagal 12(1), cuirtear an fhomhír seo a leanas isteach:

"Is é EUR 12 600 000 a bheidh sa mhéid tagartha airgeadais atá ceaptha an caiteachas a bhaineann le EUPOL COPPS a chumhdach don tréimhse ón 1 Iúil 2021 go dtí an 30 Meitheamh 2022.";

(2) in Airteagal 15, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tríú mír:

"Rachaidh sé in éag ar an 30 Meitheamh 2022.".

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

([1]) Cinneadh 2013/354/CBES ón gComhairle an 3 Iúil 2013 maidir le Misean Póilíneachta an Aontais Eorpaigh do na Críocha Palaistíneacha (EUPOL COPPS) (IO L 185, 4.7.2013, lch. 12).

([2]) Cinneadh (CBES) 2020/902 ón gComhairle an 29 Meitheamh 2020 lena leasaítear Cinneadh 2013/354/CBES maidir le Misean Póilíneachta an Aontais Eorpaigh do na Críocha Palaistíneacha (EUPOL COPPS) (IO L 207, 30.6.2020, lch. 30).

Beidh feidhm aige ón 1 Iúil 2021.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, 28 Meitheamh 2021.

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*
M. do C. ANTUNES